Bileog Eolas do dhaoine a bhfuil Ionfhabhtú Eitinne Folaigh orthu. (IEF)

Cad is Eitinn ann?

An Baictéir Mycobacterium tuberculosis is cúis leis an ngalar Eitinn. Is ar na scamhóga is minice a ghoilleann an Eitinn, ach is féidir léi cur as freisin do pháirteanna eile den chorp.

Cad iad na comharthaí atá ag an Eitinn ghníomhach?

Forbraíonn an galar eitinne go mall sa gcolann. D'fhéadfadh sé nach bhfeicfí comharthaí na hEitinne go ceann cúpla mí. Is féidir le haon chomhartha díobh seo a leanas a bheith ina chomhartha den Eitinn.

- Fiabhras agus allas oíche
- Casacht ar feadh níos mó ná trí sheachtain
- Cailliúint meáchain:
- Fuil sa tSeile (réama) ag am ar bith

Má thagann aon cheann de na comharthaí seo ort, ba chóir duit cuairt a thabhairt ar do dhochtúir teaghlaigh chun comhairle a fháil.

Conas a scaiptear an Eitinn?

Scaiptear an Eitinn san aer, de ghnáth. Is féidir le hEitinn thógálach a bheith ar chuid de na daoine a bhfuil Eitinn sna scamhóga acu. Is ionann é seo agus gur féidir leo an eitinn a thabhairt do dhaoine eile. Scaiptear na frídíní san aer le linn don duine a bhfuil Eitinn ionfhabhtaíoch air/uirthi a bheith ag casacht, ag sraothartach, ag caint nó ag canadh. De ghnáth, bíonn dlúth-theagmháil le duine ionfhabhtuithe ag an Eitinn de dhíth ar feadh tamaill fhada sula dtolgann tú frídín na hEitinne tú féin.

An féidir le duine ar bith an Eitinn a tholg?

Is féidir. Is féidir le duine ar bith an Eitinn a tholg ach tá sé níos contúirtí má tá tú i do chónaí in aon teach le duine atá tinn nó má bhíonn dlúth-theagmháil agat leo. Ní éiríonn ach beagán daoine tinn de bharr frídíní eitinne a análú. D'fhéadfadh sé seo tarlú tar éis cúpla mí nochtaithe nó alán blianta ina dhiaidh.

Cad é an difríocht idir ionfhabhtú le hEitinn folaigh agus galar na hEitinne ghníomhaí?

Nuair a théann frídíní na hEitinne isteach i do chorp ar dtús, is Ionfhabhtú Eitinne folaigh a bhíonn ann. Is ionann é seo agus go bhfuil na frídíní 'ina gcodladh' i do chorp. Mura gcuirtear cóireáil leighis ort, is féidir le h-ionfhabhtú eitinne folaigh iompú ina ghalar Eitinne gníomhach.

Ionfhabhtú Eitinne Folaigh	Galar Eitinne Gníomhach
Tá frídíní na h-eitinne ina gcodladh i do chorp. D'fhéadfadh cúrsaí a bheith mar seo ar feadh tamall an-fhada – blianta fiú.	Tá frídíní na h-eitinne gníomhach agus ag scaipeadh. Tá siad ag déanamh damáiste dod' chorp.
Ní mhothaíonn tú tinn ná níl cuma tinn ort. Is iondúil go mbíonn X-ghathú normálta agat.	Mothaíonn tú tinn go h-iondúil. Déanfaidh do dhochtúir tástálacha speisialta chun a fháil amach cén áit a bhfuil an eitinn ag déanamh dochair dod' chorp.
Ní féidir leat an eitinn a scaipeadh ar dhaoine eile.	Má tá frídíní na h-eitinne i do scamhóga, is féidir leat an eitinn a scaipeadh ar dhaoine eile de bharr: casachtach, sraothartach, caint nó canadh.

Cóireálta go h-iondúil le cógais a thógtar ar feadh 9 mí.	Cóireálta le 3 nó 4 cógas a thógtar thar thréimhse 6 mhí ar a laghad.

Conas a dhéantar diagnóisiú ar Eitinn?
Glacfaidh an dochtúir do stair leighis agus déanfar tástálacha ort. Is iondúil go ndéantar tástáil craicinn (ar a dtugtar tástáil Mantoux) i dtosach. Cuirtear instealladh beag isteach i do lámh. Bíonn torthaí na tástála seo ar fáil tar éis 2-3 lá. Déanfaidh an dochtúir cinneadh maidir le cad iad na tástálacha eile atá de dhíth.
Grúpa um Rialú Eitinne, Sláinte an Phobail - Marta 2014

Cad a tharlaíonn má tá an Tástáil Mantoux diúltach?
Tá an tástáil 'diúltach' sa gcás nach bhfuil frithghníomh ar bith ann san áit ar tugadh an instealladh (nó gan ach frithghníomh an-bheag ann). Is iondúil go gciallaíonn tástáil eitinne craicinn diúltach nach bhfuil Ionfhabhtú Eitinne Folaigh ort. I gcásanna áirithe, bíonn gá an tástáil a dhéanamh in athuair. Pléifidh do dhochtúir leat aon chóireáil leantach a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait.

Cad a tharlaíonn má bhíonn mo Thástáil Mantoux dearfach?
Má tá do thástáil craicinn 'dearfach,' cuirfear ar aghaidh i gcomhair x-ghathú cliabhraigh tú. Pléifidh do dhochtúir leat aon chóireáil leantach a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait. D'fhéadfadh tógáil cógais i gcoinne d'ionfhabhtú Eitinne folaigh a bheith san áireamh.

Cad atá i gcóireáil leighis na hEitinne folaigh?
Beidh cógas le glacadh ar feadh 9 mí ar a laghad chun chosc a chur ar fhorbairt na hEitinne gníomhaí.

An bhfuil cógais i gcoinne na h-Eitinne folaigh sábháilte?
Bíonn fo-iarmhairtí i gceist le gach cógas. Fo-iarmhairtí bheaga a mbíonn i gceist le roinnt acu, ach bíonn cuid acu níos tromchúisí. Tabharfaidh an dochtúir eolas duit faoi na taibléidí éagsúla agus a bhfo-iarmhairtí. Ba chóir duit aon imní atá ort faoi fho-iarmhairtí a phlé leis an dochtúir.

Inis don dochtúir ag an gclinic led' thoil má tá aon chógas eile á thógáil agat.

An bhfuil aon rud ar cheart dom a sheachaint nuair atá an cógas seo á thógáil agam?
Molaimid go láidir duit gan alcól a ól le linn na cóireála mar go méadaíonn alcól riosca damáiste don ae.

An gcaithfidh mé cógas a thógáil i gcoinne ionfhabhtú na hEitinne folaigh?
I ndiaidh seo a phlé leis an dochtúir sa gclinic, b'fhéidir go ndéanfaidh tú cinneadh gan an cógas i gcoinne ionfhabhtú Eitinne folaigh a thógáil. Má chinneann tú amhlaidh, molaimid duit go mbeadh tástáil X-ghathú cliabhraigh leantach agat, más sin comhairle do dhochtúir.

An féidir liom leanacht ar aghaidh le mo ghníomhaíochtaí laethúla?
Níl aon chúis go stopfá aon ghníomhaíocht laethúil. Fiú má bhí tú i dteagmháil le duine le h-eitinn ionfhabhtaíoch, níl ann ach caolsheans go dtolgfá féin an eitinn. Is lú arís an seans go mbeadh an cineál eitinne ort ar féidir í a scaipeadh ar dhaoine eile. Ní féidir leat an eitinn folaigh a scaipeadh ar dhaoine eile.

Má tá ceisteanna ar bith eile agat, nó ag pointe ar bith go bhforbraíonn tú siomptóim galar na hEitinne, déan teagmháil le do dhochtúir ag an gclinic.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do Rannóg Sláinte Poiblí áitiúil ag

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin eitinn, féach ar www.hpsc.ie agus cuir TB isteach sa bhosca cuardaigh atá sa choirnéal ar thaobh na láimhe deise ar bharr an scáileáin.